# Scéal, Scéal, Scéal...

COIS FHARRAIGE
fóram um pleanáil teanga

**21 Iúil 2022** || Eagrán 106

*Scéilíní, nuaíocht agus fógraí as Cois Fharraige.*

## Nóta ó na hOifigigh Pleanála Teanga...

**Ba bhreá linn cloisteáil uaibh, a chairde! Má tá teachtaireachtaí nó scéalta tábhachtacha agaibh le scaipeadh, ná bíodh drogall ar bith oraibh teagmháil a dhéanamh linn: optchoisfharraige@gmail.com Cuireann muid fáilte 's fiche roimh scríbhneoirí an cheantair freisin má tá píosa agaibh le foilsiú - alt faisnéise, filíocht, nuaíocht nó fógra. Fáilte roimh chách! Tá súil againn go mbainfidh sibh taitneamh as an eagrán seo.**







# ACADAMH AN TSAMHRAIDH (AER)

**Tá Tionól Réigiúin na hEorpa, an gréasán neamhspleách is mó d'údaráis áitiúla san Eoraip, lena bpríomh Chomhdháil Óige, Acadamh an tSamhraidh AER, a reachtáil i gContae Dhún na nGall ón 29ú Lúnasa go dtí an 1ú Meán Fómhair 2022. Beidh an chomhdháil, atá á óstáil ag Comhairle CHontae Dhún na nGall agus Údarás na Gaeltachta ar siúl ar Champas Ollscoil Teicneolaíochta an Atlantaigh i Leitir Ceanainn. Beidh breis agus céad polaiteoir, toscaire óige, agus gníomhaí pobail as chuile chearn den Eoraip i láthair, agus caithfear seachtain i mbun díospóireachta faoin mbealach le todhchaí níos daonlathaigh, níos síochánta agus níos inmharthana a chruthú. Pléifear rannpháirtíocht na hóige i gcúrsaí polaitíochta réigiúnach, fiontraíocht thuaithe, an bhith-eacnamaíocht agus go leor eile nach iad. Tabharfar cuairteanna staidéir ar chathair Dhoire freisin le foghlaim faoin bpróiseas síochána, chomh maith le turas chuig Páirc Náisiúnta Ghleann Bheithe agus chuig gteic Údarás na Gaeltachta i nGaoth Dobhair. Is féidir clárú trí Eventbrite agus is féidir tuilleadh eolais a fháil ach teagmháil a dhéanamh le info@aer.eu**






# CIORCAL COMHRÁ CHOIS FHARRAIGE

Tháinig Ciorcal Comhrá Chois Fharraige le chéile don chéad uair i mbliana le gairid agus tá an grúpa ag dul ó neart go neart ó shin. Club Foghlaimeoirí Gaeilge Chois Fharraige, le tacaíocht ó Údarás na Gaeltachta agus Fóram Chois Fharraige um Pleanáil Teanga atá ina bhun. Tagann an grúpa le chéile ag oifigí na pleanála teanga in Inis Fáil, An Spidéal (H91 X63V), chuile Chéadaoin @ 7i.n. Tá fáilte roimh chách le haghaidh comhrá, comhluadar agus cupán caife! Tá an seisiún feiliúnach do fhoghlaimeoirí Gaeilge agus cainteoirí atá ag iarraidh a gcuid Gaeilge a chleachtadh.



# FOLÚNTAS AG ROS NA RÚN

Tá Ros na Rún ag glacadh le hiarratais faoi láthair le haghaidh post mar Oibreoir Fuaime. Conradh sé mhí a bheas i gceist a mhairfidh ó mhí Lúnasa 2022 go dtí mí Feabhra 2023. Beidh a té a cheapfar lonnaithe sa Spidéal. Ag cabhrú leis an meascthóir fuaime a bheas an Oibreoir Fuaime. Tá sé tábhachtach go mbeidh scileanna cumarsáide agus scileanna bainistíocht ama láidre ag an té a cheapfar. Beidh an Oibreoir Fuaime ag obair mar bhall de fhoireann. Le suim a léirIú sa phost ní mór cóip de do CV a sheoladh chuig leiriuchain@rosnarun.com



# AN CHEANNAIRC BHEAG BHÍDEACH

Tá ceardlanna éagsúla sa cheol, drámaíocht, ealaín, teicneolaíocht chruthaitheach agus scannánaíocht á reáchtáil ag Baboró, i gcomhpháirt leis an gComhairle Ealaíon. In Ionad Cultúrtha an Phiarsaigh a bheas na ceardlanna ar siúl, ag tosú ar an Satharn 27ú Lúnasa agus ag leanúint ar aghaidh go seachtainiúil go dtí Dé Sathairn 15ú Deireadh Fómhair. Beidh na seisúin éagsúla á stiúradh ag Jojo Hynes, Midie Corcoran, Róisín Seoighe agus Atmos Collective. Beidh na ceardlanna saor in aisce agus beidh siad feiliúnach do ghasúir ó 10-12. Le níos mó eolais a fháil, nó le clárú do na ceardlanna ní mór teagmháil a dhéanamh le jojohynescollab@gmail.com nó is féidir glaoch a chur ar 085 856 3666. Moltar clárú go luath de bharr go bhfuil spásanna teoranta.




# RÉALTA TEILIFÍSE AG TEASTÁIL Ó FÍBÍN

Tá Meangadh Fíbín sa tóir ar dhaoine óga don chlár 'Is Mise' a bheas á thaifeadadh acu go luath. Daoine óga breá cainteacha, muiníneacha agus fuinniúla, idir 6-10 mbliana d'aois atá ag teastáil. Le suim a léiriú, ní mór físeán gearr (1-2 nóiméad) a thaifeadadh ag tabhairt cur síos ort féin agus ar an gcaitheamh aimsire is fearr leat. Is féidir an físeán a sheoladh chuig eolas@fibinmedia.ie nó ar WhatsApp ar 085 138 9582 Go n-éirí libh a chairde!

# GALFAIRE NA BLIANA

**Bhí comórtas mór na bliana - Duais an Chaptaein, Tomás Ó Domhnaill - ag Cumann Gailf Chois Fharraige ar chúrsa Gailf Oileán Chonamara ar an 16ú Iúil. 'Sé Tomás Miko Ó Flatharta a bhuaigh an príomhdhuais ar an lá agus ainmníodh Eoin Ó Durcáin mar Ghalfaire na Bliana. Cuirfear tús leis an séasúr nua i mí Meán Fómhair, le tuilleadh eolais a fháil, is féidir teagmháil a dhéanamh le Padraig ag 087 2525465. Sa phictiúr feictear Eoin Ó Durcáin (ar dheis) - Galfaire na Bliana - ag glacadh duaise ó chaptaen Cumann Gailf Chois Fharraige, Tomás Ó Domhnaill**



# DEALBH UÍ CHADHAIN

**Beidh Dealbh Uí Chadhain á nochtadh @ 3i.n. ar an Satharn 23ú Iúil, ar an Airdín Buí, beagán taobh thiar de Shráidbhaile an Spidéil. Tá an dealbh déanta ag Alan Ryan Hall, le tacaíocht agus le síntiúis ó eagraíochtaí Gaeltachta agus acadúla, ó ghaolta leis an gCadhnach, agus ó dhaoine aonair a tiomsaíodh an t-airgead don dealbh. Is ag Cumann Forbartha Chois Fharraige a bhí an smaoineamh an dealbh a dhéanamh agus a lonnú sa Spidéal agus bhronn an Cumann Forbartha €5,000 ar Iontaobhas Uí Chadhain le tús a chur leis an bhfeachtas bailiú airgid. Sé Dónall Ó Braonáin ó Acadamh na hOllscolaíochta Gaeilge a dhéanfaidh an dealbh a nochtadh.**

# FOLÚNTAIS AG TEARMANN ÉANNA

Tá Tearmann Éanna ag lorg iarratais do dhá phost páirt aimseartha mar Oibrithe Ginearálta. Tá na poist seo maoinithe ag an gClár Seirbhísí Pobail atá á riaradh ag POBAL. Tá sé tábhachtach, ach níl sé riachtanach, go mbeadh taithí cócaireachta agus ullmhúcháin bia ag iarratasóirí. Tá sé riachtanach go bhfuil Gaeilge líofa ag iarratasóirí, chomh maith le ceadúnas tiomána iomlán, glan. Tá sé tábhachtach freisin go mbeadh suim ag iarratasóirí a bheith ag obair leis an aosach. Le cur isteach ar an bpost is féidir cóip de do CV, chomh maith le litir iarratais a sheoladh chuig bainisteoir@tearmanneanna.ie roimh 1i.n. ar an Aoine 29ú Iúil.

# CAINTEOIRÍ GAEILGE AG TEASTÁIL!


Tá Fóram Chois Fharraige um Pleanáil Teanga sa tóir ar chainteoirí dúchais, nó cainteoirí líofa Gaeilge le páirt a ghlacadh sa scéim Gaelchara. Mar chuid den scéim cuirfear cainteoir líofa/dúchais le chéile le foghlaimeoir Gaeilge. Casfar lena chéile ar bhonn sóisialta leis an nGaeilge a chleachtadh. Ag deireadh na scéime, bronnfar €250 an duine ar an bhfoghlaimeoir agus ar an gcainteoir dúchais/líofa. Is deis iontach í casadh le daoine nua agus níos mó Gaeilge a úsáid nó a chleachtadh. Le suim a léiriú sa scéim, is féidir teagmháil a dhéanamh le Katie ag 083 010 6294



# COMÓRTAS LE COMHAR

Tá comórtas á reáchtáil ag Comhar le cóip de 'Thíos Seal, Thuas Seal', le Richie Conroy a bhuachan. Scéal Emily atá sa leabhar seo, a thugann léargas ar na dúshláin éagsúla a bhaineann le saol an déagóra. Bronnadh duais ar an leabhar ag Comórtas Liteartha an Oireachtais 2020. Le cur isteach ar an gcomórtas ní mór an postáil ar chuntas Instagram @iriscomhar a roinnt, agus clib a chur ar chara a bhí leat sa Ghaeltacht, nó cara ar mhaith leat dul chuig an nGaeltacht leo! Tá go dtí 25ú Iúil le cur isteach ar an gcomórtas, agus fógrófar buaiteoir ar an 26ú.






# ÁDH MÓR!!

Go n-éirí go geal le foireann na Gaillimhe a bheas ag imirt i gCraobh Shinsir Peile na hÉireann, in aghaidh Ciarraí ag an deireadh seachtaine, agus ádh mór lenár n-imreoir áitiúil Finnian Ó Laoi ó CLG An Spidéal.



C.L.G GAILLIMH